



Scéim Scoláireachtaí Sláinte Optum
SCOLÁIREACHT SLÁINTE RÉIGIÚNACH 2019/20



*Ag cothú Fórsa Saothair Sláinte an lae amárach
Todhchaí Slán*

CLÁR AN ÁBHAIR

OPTUM AGUS AIDHMEANNA NA SCÉIME	1
CÁILITHEACHT & AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN	3
OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH	6
OLLSCOIL ULADH, CÚIL RAITHIN	7
AGUISÍN A SAINCHÚRSAÍ IN OÉ GAILLIMH	8
AGUISÍN B SAINCHÚRSAÍ IN OLLSCOIL ULADH	9
AGUISÍN C TÉARMAÍ & COINNÍOLLACHA	10



CÉN CINEÁL COMHLACHTA Í OPTUM?

Is Comhlacht seirbhísí sláinte agus nuálaíochta í Optum atá lonnaithe i Leitir Ceanainn agus fostóir mór is ea í i gContae Dhún na nGall. Bunaíodh Optum i 1999 le 30 fostaí faoi scáth ‘Pacificare’. Inniu tá 1,000 duine fostaithe ag Optum i Leitir Ceanainn.

CÉN FÁTH AR CUIREADH AN SCÉIM SCOLÁIREACHTAÍ AR BUN?

Tá sé mar aidhm ag Optum tacú le feabhas an chórais sláinte sa Réigiún agus infheistíocht a dhéanamh i bhfórsa saothair sláinte an 21ú haois atá in ann freastal ar riachtanais an lae amárach. Tá fórsa saothair ilchineálach ag Optum agus ba mhian linn ilchineálacht a chur chun cinn in Ardoideachas trí scéim scoláireachta a thacóidh le daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste agus le hiad siúd a thagann ó chúlraí neamhchoitianta. Aithnítear i dtuairisc an shainghrúpa ar mhaoiniú do Ardoideachas in 2016 go bhfuil daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste ‘dúnta amach’ as slite bheatha áirithe mar gheall ar an ualach suntasach airgid.

- Tá sé mar aidhm ag an scéim tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga sa Chontae le go mbeadh rochtain níos fearr acu ar an oideachas ag an tríd leibhéal, iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste ach go háirithe.
- Aithnítear go bhfuil gá le tacaíocht ar leibhéal níos airde agus níos réadúla do mhic léinn atá ag déanamh staidéir ar shiúl ón bhaile ach go háirithe.
- Tá luach na scoláireachta bunaithe ar mheasanú na gcostas a bhaineann le freastal ar Ollscoil ‘ar shiúl ón bhaile’ agus bunaithe ar na staitisticí is déanaí.

- Is é €7,000 luach na scoláireachta seo in aghaidh na bliana agus bronnfar dhá scoláireacht Réigiúnach.
- Aithnítear go bhfuil dhá ollscoil sa Réigiún, Ollscoil na hÉireann i nGaillimh agus Ollscoil Uladh i gCúil Raithin ina gcuirtear cúrsaí sláinte den chéad scoth ar fáil.
- Cuirfidh an scéim le bonneagar sláinte sa Réigiún i gcomhréir le misean na Comhlachta.
- Spreagfaidh an scéim cúrsaí sláinte sa Réigiún. Is firic chruthaithe é go n-oibríonn an chuid is mó de chéimithe sa cheantar úd ina ndearna siad a gcuid staidéir.
- Déanfaidh na hInstitiúidí Scoláireachtaí Sláinte Optum a phróiseáil ar bhonn bliantúil i ngach bliain den chúrsa go dtí go bhfuil an cúrsa baint amach ag an Scoláire.
- Cuirfidh an sparánacht ar chumas Scoláirí Optum rannpháirtíocht iomlán a bheith acu i saol an Choláiste agus maolóidh sí an t-ualach airgeadais ar mhic léinn agus/ nó ar a dteaghlaigh.
- Tá an scéim seo ag teacht le straitéisí réigiúnacha agus náisiúnta maidir le cúrsaí oideachais agus cúrsaí sláinte le bonneagar sa Réigiún a fhorbairt.
- Cuirfidh an scéim eolas luachmhar ar fáil maidir le cúrsaí sláinte agus slite bheatha sa Réigiún agus beidh sé ina ais do chomhairleoirí ghairmthreoracha in earnáil na meánscolaíochta i gContae Dhún na nGall agus do dhaltaí, thuismitheoirí/ chaomhnóirí agus do na húdaráis eile chomh maith (Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, Seirbhísí Óige Dhún na nGall, Muintearas agus grúpaí pobail).

**GLACFAR LE HIARRATAIS ÓN 4ú LÁ DE MHÍ AN MHÁRTA
GO DTÍ AN 3ú LÁ DE MHÍ BEALTAINÉ 2019**

CÁILITHEACHT DON DEONTAS SCOLÁIREACHTA

Le bheith incháilithe do Scoláireacht Sláinte Ginearálta Optum ní mór d'iarrthóirí:-

- ✓ Iarratas a bheith curtha acu fríd an chóras CAO faoi choinne áite mar iontrálaí sa bhliain acadúil 2019/20 ar an chéad bhliain de cheann de na cúrsaí fochéimí lánaimseartha atá leagtha síos in Aguisín A

AGUS/NÓ

- Tairiscint a bheith faighte acu faoin chóras UCAS faoi choinne áite mar iontrálaí sa bhliain acadúil 2019/20 ar an chéad bhliain de chúrsa fochéimí lánaimseartha atá leagtha síos in Aguisín B
- ✓ Seoladh baile a bheith acu i gContae Dhún na nGall;
- ✓ Freastal a bheith déanta acu ar mheánscoil i gContae Dhún na nGall le 2 bhliain anuas ar a laghad roimh scrúduithe na hArdteistiméireachta in 2019;
- ✓ Bheith ag déanamh scrúduithe na hArdteistiméireachta don chéad uair in 2019;
- ✓ Bheith rannpháirteach sa phobal agus tiomántas a léiriú ó thaobh cur chun cinn an phobail;
- ✓ Bheith aitheanta mar dhuine a thagann ó chúlra atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus an fhianaise cuí a chur ar fáil:-
- ✓ Go bhfuil siad díolmhaithe ó tháillí na hArdteistiméireachta de thairbhe cárta leighis a bheith acu;

AGUS/NÓ

- Go bhfuil siad i dteideal tacaíocht airgid de chineál ar bith ón Stát (Deontas Cothabhála - Speisialta/ Iomlán/ 75%/ 50%/ 25% nó deontas Táillí Teagaisc-iomlán/páirt) faoi Scéim Deontas na Mac Léinn.
- Is féidir le hiarrthóir eolas a roinnt maidir le bac ar bith eile atá idir é féin agus rochtain ar an oideachas tríú leibhéal (mothúchánach, fisiciúil, cultúrtha nó sóisialta)
- Ní mór don iarrthóir cloí le Téarmaí agus Coinníollacha na Scoláireachta mar atá leagtha síos in Aguisín C.

PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

Ní mór d'iarthóirí a léiriú ar an fhoirm iarratais:-

- ✓ An caighdeán acadúil/na torthaí acadúla atá bainte amach acu go dtí seo;
- ✓ An tionchar is féidir leis an Scoláireacht a imirt ar a ngairm acadúil ag an Institiúid;
- ✓ Na spriocanna gairmiúla atá acu agus an dóigh a gcuideoidh a gcuid staidéir leo na spriocanna sin a bhaint amach
- ✓ Gá le tacaíocht airgid/Cruatan
- ✓ Bac ar bith eile (mothúcháinach, fisiciúil, cultúrtha nó sóisialta) a bheas rompu agus iad ag iarraidh rochtain a bheith acu ar chúrsa trío leibhéal nó an cúrsa a chur i gcrích; agus
- ✓ Tiomantas agus toilteanas maidir le cur le saol an phobail áitiúil
- Ní mór do Phríomhoide na Scoile an teistiméireacht atá sa phacáiste iarratais a líonadh le tacú leis an iarratas.
- Is tábhachtach an t-eolas a chuireann an t-iarthóir ar an fhoirm iarratais don Phainéal Roghnúcháin agus moltar d'iarthóirí a oiread eolais agus is féidir a chur isteach ann.
- Ní chuirfear bundoiciméid ar ais agus moltar d'iarthóirí cóip dá gcuid féin a choinneáil.
- Má bhíonn a lán iarratas den chaighdeán céanna ann, déanfar ualú de réir srianta airgid ar bhonn fianaise go bhfuil iarthóirí díolmhaithe ó tháillí na hArdteistiméireachta de thairbhe cárta leighis a bheith acu nó de réir na dtáirseach atá leagtha amach faoi Scéim Deontas na Mac Léinn.
- Coimeádann an Painéal Roghnúcháin an ceart aige féin cuireadh a thabhairt d'iarthóirí freastal ar sheisiún agallaimh neamhfhoirmiailta i ngrúpaí i mí na Bealtaine 2018, agus glacfar san aireamh é mar chuid den phróiseas measúnaithe.
- Cuirfidh an Painéal liosta feithimh le chéile ar eagla go roghnaíonn an t-iarthóir is fearr scoláireacht eile (ar nós Scoláireacht Uile-Éireann/ Naughton/ Ernst Walton/Sparánacht 1916) nó má theipeann ar an iarthóir sin go leor fianaise a chur ar fáil acu maidir le hachmhainní s'acu.

- Is cinneadh deiridh ceangailteach é cinneadh an Phainéil
- Moltar d'iarrthóirí go leor ama a chur san áireamh leis an iarratas, an teistiméireacht agus na cáipéisí tacaíochta a chur sa phost le bheith cinnte go bhfuil sé istigh roimh an spriocdháta; muna bhfuil an t-iarratas faighte roimh an spriocdháta ní chuirfear faoi bhráid an phainéil é. Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas agus cáipéisí tacaíochta tríd an phost cláraithe ná **5.00 p.m. Aoine 3 Bealtaine 2019.**
- Cuirfear iarrthóirí ar an eolas faoi thoradh an phróisis chomh luath agus is féidir idir tús agus lár mhí Mheán an Fhómhair.

***MOLTAR GO LÁIDIR D'IARRTHÓIRÍ IARRATAS A CHUR CHUIG 'SUSI'
CHOMH LUATH AGUS IS FÉIDIR***



OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH Tá Ollscoil na hÉireann, Gaillimh áirithe ar cheann den 1% is airde rangú i measc ollscoileanna an domhain agus ainmníodh OÉ Gaillimh mar Ollscoil na bliana 2018 (Sunday Times University Guide). Táimid ann le beagnach dhá chéad bliain agus gaiscí go leor déanta againn san achar sin. Táimid in áit dhraíochtúil in iarthar na hÉireann agus dreach tíre agus cultúr faoi leith ar leic an dorais againn. Tá ceangal againn le comhpháirtithe thart timpeall na cruinne de thoradh an ghréasáin dhomhanda atá cruthaithe againn. Tá an todhchaí a múnlú ag ár lucht taighde. Tá a bhfuil i ndán dóibh féin á múnlú ag ár mic léinn.

ACADAMH LEIGHIS DHÚN NA NGALL Is forbairt tábhachtach é Acadamh Leighis Dhún an nGall. Bunaíodh an t-Acadamh Leighis le blianta beaga anuas i gcomhpháirt le Ollscoil na Gaillimhe agus Saolta (Grúpa Ollscoile Cúram Sláinte) chun oiliúint a chur ar fáil do dhochtúirí. Tá an t-Acadamh lonnaithe i saoráid shaintógtha ar fhearann na hOtharlainne i Leitir Ceanainn.



OLLSCOIL ULADH, CÚIL RATHIN Tá dhá champas ag Ollscoil Uladh san Iarthuaisceart, campas Mhig Aoidh i nDoire Cholm Cille agus campas Chúil Raithin. Tá Ollscoil Uladh ar an liosta mór le rá a eisiónn Times Higher Education ar a bhfuil na 150 ollscoil is fearr ar an domhan atá ar an fhód le níos lú ná caoga bliain. Is ollscoil ilchultúrtha í Ollscoil Uladh a chuireann ar chumas chóir a bheith 27,000 mac léinn a spriocanna pearsanta agus gairmiúla a bhaint amach. Tá mic léinn Ollscoil Uladh i measc na mac léinn is sásta dar le suirbhé naisiúnta na mac léinn is déanaí ina bhfuair an Ollscoil 88% mar scór iomlán sástachta.

Bronnadh duais mór le rá THE 2016 ar Ollscoil Uladh mar gheall ar 'Eispéreas mac léinn is mó feabhas' bunaithe ar shuirbhé ina raibh 150,000 mac léinn páirteach ann. Infheistíonn Ollscoil Uladh £42 milliún i gcláir thaighde agus nuálaíochta gach bliain agus tá níos mó ná 160,000 alumnas mar chuid de ghréasán alumnas na hOllscoile i 148 tír ar fud na cruinne. Bíonn 90% de chéimithe fostaithe nó i mbun tuilleadh staidéir taobh istigh de 6 mhí i ndiaidh dóibh a gcéim a bhaint amach. Aithníodh Ollscoil Uladh ar na hollscoileanna is fearr sa 25 chéadatan ó thaobh taighde ar leibhéal domhanda ag an Creatlach Barr Feabhais Thaighde 2014 bunaithe ar chumhacht thaighde agus meastar gur ar leibhéal domhanda nó thar barr ar bhonn idirnáisiúnta atá 72% de thaighde Ollscoil Uladh. Tá 20 comhlacht cruthaithe ag Ollscoil Uladh a láimhseálann £28 milliúin agus níos mó ná 290 duine fostaithe acu.

Tá Scoil Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta in Ollscoil Uladh **ar an scoil is fearr** sa RA dar le Táblaí sraithe an Guardian i 2015, 2016 agus 2017.



OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

PRÓISEAS IONTRÁLA CAO

DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

DÁTA DEIRIDH LE HAGHAIDH IARRATAS DON SCRÚDÚ HPAT: **20 Eanáir 2019**

DÁTA DEIRIDH LE HAGHAIDH IARRATAS: **1 Feabhra 2019**

ATHRÚ INTINNE: **1 Iúil 2019**

GY 501 Leigheas/ Medicine (5 bliana)

Tabhair faoi deara go gcoimeádann an Painéal Roghnúcháin an ceart aige féin scoláireacht a bhronnadh ar iarrthóir a bhfuil áit faighte aige/aici ar an chúrsa 6 bliana.

GY 503 Teiripe Urlabhra & Teanga/ Speech & Language Therapy

GY 504 Cosliacht/ Podiatric Medicine

GY 502 Teiripe Shaothair/ Occupational Therapy

GY 517 Cnáimhseachas/ Midwifery

GY318 Ceimic Bhithchogasaíochta/Biopharmaceutical Chemistry

GY 408 Innealtóireacht Bhithleighis/ Biomedical Engineering

GY 303 Eolaíocht Bithleighis/ Biomedical Science

GY 304 Baitsiléir Eolaíochta (Biteicneolaíocht)/ Bachelor of Science
(Bio-Technology)

GY 104 Baitsiléir sna hEalaíona (Síceolaíocht) /Bachelor of Arts (Psychology)

AGUISÍN B:

OLLSCOIL ULADH (CÚIL RAITHIN)



PRÓISEAS IONTRÁLA UCAS

DÁTA TÁBHACHTACH:-

DÁTA DEIRIDH LE HAGHAIDH IARRATAS: **15 EANÁIR 2019**

B230 Cógaisíocht/ Pharmacy (MPharm)- 3/ 4 bliana

Tá Scoil Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaisíochta in Ollscoil Uladh **ar an scoil is fearr** sa RA dar le Táblaí sraithe an Guardian i 2015, 2016 agus 2017.

- *Tabhair faoi deara nach maireann an chúrsa cónasctha seo ach 4 bliana in ionad treimhse 5 bliana in Institiúidí eile. Chomh maith leis sin ní gá tãillí teagaisc sa bhreis a íoc leis an bhliain deireanach a chur i gcrích. Is gá tãillí idir €7,500-€8,250 a íoc in Institiúidí tríú-leibhéal eile.*

- *Tá an costas maireachtála i bhfad níos ísle i gCúil Raithin*

- *Clúdóidh an Scoláireacht treimhse an chúrsa fochéime (3 bliana) agus treimhse an chúrsa cónasctha/ MPharm (4 bliana)*

B510 Optaiméadrecht/Optomety

- BSc Hons-3 bliana

- Bsc Hons/Moptom- 4 bliana

C100 Bitheolaíocht/ Bsc (Hons) Biology

B992 Eolaíocht Bithleighis/ Biomedical Science

B990 Eolaíocht Bithleighis le DPP (Paiteolaíocht) / Biomedical Science with DPP (Pathology)

B991 Eolaíocht Bithleighis le DPP/ DIAS/ Biomedical Science with DPP/ DIAS

B460 Diatéitic/ Bsc (Hons) Dietetics

C820 Síceolaíocht nó Síceolaíocht le DPP/DIAS/ Psychology or Psychology with DPP/DIAS (4 bhliain)

C880 Síceolaíocht Shóisialta/ Social Psychology

AGUISÍN C: TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

- Déanfaidh an Painéal Roghnúcháin iniúchadh ar an fhoirm iarratais, an teistiméireacht agus na cáipéisí tacaíochta leis na scoláireachtaí a shocrú. Meastar na hiarratais de réir torthaí acadúla, tionchar ar chúrsaí staidéir, acmhainneacht gairme agus cúinsí pearsanta agus teaghlaigh. Tabharfar túsáite d'iarrthóirí a léiríonn riachtanais airgid thar iarrthóirí eile den chaighdeán céanna. Tá an cinneadh críochnaitheach ag an Phainéal Roghnúcháin. Cuirfear fógra chuig iarrthóirí ar éirigh leo scoláireacht a bhaint amach a luaithe agus is féidir i mí Mheán an Fhómhair.
- Coimeádann an Painéal Roghnúcháin an ceart aige féin cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí freastal ar sheisiún agallaimh neamhfhoirmialta i ngrúpaí i mí Lúnasa 2019, agus glacfar san áireamh é mar chuid den phroiseas measúnaithe.
- Níl cead ag Scoláirí Optum glacadh le Scoláireacht ar bith eile ar nós Scoláireacht Uile-Éireann/ Naughton/ Ernst Walton agus sa chás sin bheadh ar scoláire scoláireacht amháin a roghnú.
- Beidh tairiscint scoláireachta ar bith ag brath ar eolas atá cruinn agus fíor agus beidh ar an scoláire na coinníollacha uilig a chomhlíonadh. Beidh sé de cheart ag Optum tairiscint a tharraingt siar má tá meancóg nó easnamh ar bith san eolas a tugadh ag an iarrthóir nó ar son an iarrthóra. Sa chás seo tabharfar fógra 14 lá i scríbhinn don iarrthóir.
- Bronnfar scoláireachtaí ar iarrthóirí a bhfuil tairiscint oifigiúil faighte acu ón Institiúid faoi choinne áite ar chúrsa ainmnithe bunaithe ar thorthaí na hArdeistiméireachta.
- Ní bhronnfar scoláireacht nó ní bheidh maoiniú ar bith á phróiseáil gan fhianaise go bhfuil an duine díolmhaithe ó tháillí na hArdeistiméireachta agus cárta leighis acu agus/nó go bhfuil sé/ sí i dteideal tacaíocht airgid de chinéal ar bith ón Stát agus litir ó SUSI acu leis sin a dheimhniú. Coimeádann Optum an ceart aige tairiscint scoláireachta a tharraingt siar muna bhfuil an fhianaise chúí curtha ar fáil don Phainéal Roghnúcháin.
- Ní chuirfear aischothú ar fáil d'iarrthóirí nár éirigh leo scoláireacht a bhaint.

- Tá gach uile Scoláireacht don duine atá ainmnithe amháin agus chan do dhuine ar bith eile.
- Beidh an Scoláireacht á phróiseáil i gcomhréir leis an sainsceideal i ndiaidh do chláirúchán an iarrthóra leis an Institiúid.
- Cuirfidh Optum agus/ nó an Institiúid fógra chuig scoláirí faoin sceideal íocaíochta.
- Coinneoidh **Ollscoil Uladh** an Scoláireacht le táillí na hInstitiúide a chlúdach agus cuirfidh an Institiúid an chuid eile den Scoláireacht díreach chuig an scoláire le costas maireachtála an scoláire a chlúdach de réir an sceidil.
- Déanfar athnuachan ar an Scoláireacht gach bliain ach seasamh maith acadúil a bheith ag an scoláire. Ní mór do scoláirí cloí le rialacháin na hInstitiúide agus dul faoi gach scrúdú téarma nó scrúdú ar bith eile a shocraíonn údaráis na hInstitiúide dá gcúrsa. Coimeádann Optum an ceart aige féin an Scoláireacht a tharraingt siar má bhíonn drochsheasamh acadúil ag an scoláire.
- Tá ar an Scoláire an cúrsa staidéir s'aige/ s'aici a thoiseacht sa bhliain acadúil 2019/20. Caithfidh an Scoláire an cúrsa staidéir a chríochnú taobh istigh den ghnáthachar ama. Beidh fad na Scoláireachta soiléir nuair a bhronntar é agus ní chuirfear síneadh ama leis an Scoláireacht mar gheall ar bhliain iarchurtha nó athdhéanta ach amháin má bhíonn Optum sásta faoina rogha féin amháin síneadh ama a cheadú. Ceadófar síneadh ama i gcásanna eisceachtúla amháin agus ar chúis bhailí. Sa chás nach dtabharfaí cúis ar bith beidh sé de rogha ag Optum an Scoláireacht a tharraingt siar.
- Ní íocfar an scoláireacht ma tá an Scoláire amuigh ón Institiúid ar socrúchán don bhliain.
- Coimeádann an Painéal Roghnúcháin an ceart aige féin Scoláireacht a bhronnadh ar Iarrthóir nach gcuireann fianaise ar fáil go bhfuil sé/sí díolmhaithe ó tháillí na hArdeistiméireachta agus/nó go bhfuil sé/sí i dteideal tacaíocht airgid de chinéal ar bith ón Stát agus litir ó SUSI aige/aici leis sin a dheimhniú fad is go measann an Painéal Roghnúcháin go bhfuil go leor léirithe ag an Iarrthóir maidir lena chruatan féin (mothúcháinach, fisiciúil, cultúrtha nó sóisialta) agus é/í ag iarraidh rochtain a bheith acu ar chúrsa tríú leibhéal nó an cúrsa a chríochnú.

- Déanfaidh an Institiúid an Scoláireacht a íoc nuair a chláraíonn an scoláire ar chúrsa ainmnithe leis an Institiúid.
- Beidh ar an scoláire freastal ar shearmanas bronnta scoláireachtaí a eagróidh Optum (dáta le socrú ag na páirtithe leasmhara) leis an Scoláireacht a bhronnadh air/ uirthi go foirmiúil. Chomh maith leis sin, má eagraítear searmanas bronnta san Institiúid, ní mór don scoláire freastal air sin fosta agus tabharfaidh an Institiúid cuireadh chuig an ócáid do ionadaí de chuid Optum.
- Beidh ar an Scoláire páirt a ghlacadh i bhfeachtas margaíochta na Scoláireachta agus griangraf agus ráiteas pearsanta a chur ar fáil mar chuid den ábhar margaíochta. Coinneoidh Optum sonraí teagmhála an Scoláire (seoladh ríomhphoist, uimhir ghutháin agus seoladh poist) leis an Scoláireacht a riaradh amháin.
- Tabharfaidh an Scoláire cead don Institiúid eolas áirithe (ainm, cúrsa, uimhir aitheantais an mhic léinn, institiúid srl) a roinnt le páirtithe leasmhara eile de réir mar is gá.
- Níl sé de chead ag cairde nó muintir fhóistóirí sinsearacha Optum cur isteach ar an Scoláireacht seo (Stiúrthóir Sinsearach agus fostaithe níos airde ná sin san áireamh).
- Coimeádann Optum an ceart aige féin na Téarmaí agus na Coinníollacha seo a athrú agus fógra tugtha roimh ré do na hInstitiúidí agus do na Scoláirí más gá.

Le haghaidh tuilleadh eolais déan teagmháil le: nodlaig.brolly@optum.com

SCOLÁIRÍ OPTUM 2018/19

le Katie Ní Mhaoláin, Captaen Fhoireann Haca na hÉireann & Pádraig Ó Manacháin,
Príomhfheimeannach Optum Éire



Scoláirí Sláinte Optum (ón taobh clé)

- Jodie Ní Ghallchóir**, Coláiste Cholumba, Srath an Urláir (Altranas Ginearálta, IT Leitir Ceanainn)
Sophie Ní Chearbhalláin, Coláiste Cholumba, Srath an Urláir (Leigheas Srathaithe, Ollscoil Uladh Doire)
Liam Odhar, Pobalscoil Loreto, Baile na nGallóglach (Leigheas, Ollscoil na Gaillimhe)
Caoilinn Ní Dhuibhir, Pobalscoil Charn Domhnaigh (Cógaisaíocht Ollscoil Uladh, Cúil Raithin)
Rónán Ó hEigearthaigh, Coláiste Naomh Cholumba, Na Gleannta (Ríomhaireacht, IT Leitir Ceanainn)



NUI Galway
OÉ Gaillimh



Ag cothú Fórsa Saothair Sláinte an lae amárach
Todhechái Slán